OÉ Gaillimh
NUI Galway

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

Ateangaireacht Chomhdhála
(MA/Dioplóma Iarchéime)

Tá an clár seo bunaithe ar an gCéim Mháistreachta Eorpach in Ateangaireacht Chomhdhála – clár a forbraíodh i gcomhar le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh. Is é seo an t-aon chlár dá leithéid atá ar fáil in Éirinn. Cuireann ateangairí gairmiúla oiliúint ar mhic léinn sa dá chineál ateangaireachta (leantach agus comhuaineach) chun go mbeidh ar a gcumas na deiseanna leathana fostaíochta atá ar fáil d'ateangairí comhdhála a thapú. Is iad an Ghaeilge, an Béarla, an Fhraincis, an Spáinnis, an Iodáilis agus an Ghearmáinis atá á dtairiscint mar theangacha an chláir seo. D'fhéadfaí teangacha eile a chur ar fáil freisin ach dóthain éilimh a bheith orthu.

Deiseanna fostaíochta

Is gá cáilíocht aitheanta iarchéime a bhaint amach chun feidhmiú mar ateangaire gairmiúil. Is é an cúrsa seo an t-aon chúrsa in Éirinn inar féidir cáilíocht mar sin a bhaint amach. Cáilítear agus ullmhaítear mic léinn do scrúduithe iontrála na n-institiúidí idirnáisiúnta agus an AE agus tá céimithe an chúrsa fostaithe ag na hinstitiúidí sin.

Tá poist ar fáil do chéimithe le rialtais náisiúnta agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, mar shampla, na Náisiúin Aontaithe, Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh, an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Ina theannta sin, éilítear seirbhísí ateangaireachta níos minice anois ag comhdhálacha, tionóil agus féilte in Éirinn.

Leibhéal an chúrsa: Máistreacht ag Leibhéal 9

Fad: Bliain amháin lánaimseartha

Riachtanais iontrála: Bunchéim Dara hOnóracha, Grád 2 ag leibhéal 8, nó Dara hOnóracha, Grád 2 i gclár iarchéime i réimse gaolmhar. Is gá Stiúrthóir Acadúil an chúrsa a shásamh go bhfuil cumas dóthanach ag iarrthóirí sna teangacha gníomhacha agus éighníomhacha a bheidh in úsáid acu le linn an chúrsa.

Táillí: €6,015 do scoláirí an AE agus
€13,250 do scoláirí idirnáisiúnta
D'fhéadfadh an táille seo athrú i rith na bliana. Is féidir eolas faoi tháille reatha an chláir a fháil ar www.nuigalway.ie/fees. Is féidir le hiarrthóirí iarratas a dhéanamh chomh maith ar Sparánachtaí de chuid DG Interpretation an AE ar http://ec.europa.eu/dgs

Conas iarratas a dhéanamh: www.pac.ie/nuigalway

Cód PAC: GYA85

Spriocdháta: Níl aon dáta deiridh leagtha síos ag OÉ Gaillimh maidir le glacadh le hiarratais (seachas i gcásanna eisceachtúla). Eiseofar tairiscintí ar bhonn leanúnach. Cuirtear ina luí ar iarrthóirí iarratais a dhéanamh chomh luath agus is féidir. Chun na mionsonraí ar fad a fheiceáil maidir le cathain agus conas iarratas a dhéanamh, féach www.nuigalway.ie/postgrad/assessmentdates

Próifíl Chéimí

Céim an-mhór i dtreo na gairme ag leibhéal an AE is ea an MA san Ateangaireacht Chomhdhála i nGaillimh. Dírítear ar scileanna praiticiúla le cinntiú go mbaineann na mic léinn na cáilíochtaí cuí amach le tabhairt faoin ateangaireacht go proifisiúnta. Foghlaimítear faoi na modhanna éagsúla ateangaireachta agus faoi fheidhmiú an AE, rud a chabhraíonn go mór má tá súil agat tabhairt faoi obair ag an leibhéal sin. Phioc mé an cúrsa seo mar go raibh suim agam i dteangacha ó bhí mé an-óg agus bhí mé sásta go dtabharfadh mo rogha MA i nGaillimh an seans is fearr dom cuireadh a fháil chuig na scrúduithe idir-institiúideacha sa Bhruiséil. Tá mé cinnte go ndearna mé an rogha cheart dom féin mar bhí sé mar sprioc agam i gcónaí go mbeadh mo chuid teangacha in úsáid agam gach uile lá beo. D'fhéadfainn a bheith ag obair áit ar bith ó lá amháin go lá eile – ag comhdháil ar athrú aeráide, cúrsaí iascaireachta, cumarsáid dhigiteach nó don tSeirbhís um Spástaighde fiú! Is mór an onóir dom a rá go bhfuil mé ag obair leis an gCoimisiún Eorpach, Feisirí Parlaiminte, agus Airí Eorpacha freisin – rudaí nach mbeadh ach i gceo na haislinge murach an cháilíocht seo a bheith bainte amach agam.

Barry Doran, MA/Dioplóma Iarchéime (Ateangaireacht Chomhdhála)

OÉ Gaillimh
NUI Galway

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

Conference Interpreting

(MA/Postgraduate Diploma)

This programme is based on the European Masters in Conference Interpreting – a programme developed in conjunction with the institutions of the European Union and it is the only course of its kind in Ireland. Training is provided by practicing professionals in both modes of conference interpreting. This qualification enables students to avail of the wide range of employment opportunities available to professional, qualified, conference interpreters. Throughout the course, students will study the institutions of the European Union and the University organises a study visit to the European Parliament and Commission, getting an insight into a conference interpreter's working life. Irish, English, French, Spanish, Italian, and German have been offered on the programme to date, with provision for other languages, where possible, based on student demand.

Career Opportunities

This programme equips students with the requisite professional skills in conference interpreting, as well as providing specific knowledge of the interpreting profession, enabling them to avail of the considerable employment opportunities available in this sector. Interpreters must have a postgraduate qualification in Conference Interpreting to allow them to work as a professional conference interpreter. This is the only programme in Ireland that provides this professional qualification. Employment opportunities are available with national governments and many international organizations, for example, the UN, NATO, ILO and WHO. In Ireland, interpreters are increasingly in demand at a growing number of conferences, meetings and festivals across the country.

Course Level: 9

Duration: One year (full-time)

Entry Requirements: A 2.2 Honours Degree at level 8, or a 2.2 postgraduate award in a related discipline. In addition, candidates will be expected to have: Sound general knowledge, good communication skills and a high degree of motivation. Admission to the programme is subject to success in both a suitability test and an interview.

Places Available: 12

Fees: €6,015: EU and €13,250: Non-EU
For more information on fees visit www.nuigalway.ie/fees.
Applicants are also eligible to apply to the EU DG Interpretation Bursaries at http://ec.europa.eu/dgs

Applications: www.pac.ie/nuigalway

PAC Code: GYA85

Assessment (closing) date: NUI Galway does not set a deadline for receipt of applications (with some exceptions). Offers will be issued on a continuous basis. Candidates are encouraged to apply as early as possible.



Graduate Profile

At first, I decided to do my MA in Conference Interpreting at NUIG because it is recognised and recommended by the European Institutions but also because it follows the EMCI curriculum and. Being trained by professional interpreters using professional-level equipment and the possibility to be surrounded by other curious-minded students seemed very appealing. However, I was also looking for a Masters with a positive atmosphere that would allow me to progress naturally. That is exactly what happened! I found trainers that encouraged collaboration between fellow students, not competition. Lecturers were always very supportive, keen to share their experience with us and to teach us all the other skills we needed such as how to manage stress and anxiety when interpreting. Lastly, our Masters is the only Conference Interpreting programme that offers Irish. Professional interpreting is a small and highly competitive market. This Masters gave me the confidence I needed to enter it and a group of fellow interpreters I know I can work with and rely upon.

Annabelle Libeau Dulos, MA/Postgraduate Diploma (Conferencing Interpreting)